An Rialálaí Carthanas
Charities Regulator

TUARASCÁIL

Carthanais Chláraithe na hÉireann 2019 – 2021:

Anailís ar na tuarascálacha bliantúla a chuir carthanais chláraithe faoi bhráid an Rialálaí Carthanas thar thrí bliana as a chéile

Clár Ábhar

Réamhrá agus Modheolaíocht 2

Ioncam Carthanais 4

Ioncam bliantúil iomlán de réir foinse 4

Fíor 1: Ioncam de réir foinse sa sampla 4

Ioncam Tabhartais 6

Fíor 2: Cineálacha ioncaim tabhartais sa sampla 6

Fíor 3: Foinsí cistiúcháin roimh Phaindéim Covid-19 agus lena linn 8

Ioncam de réir modh trínar cuireadh an carthanas ar áireamh ar an gClár 10

Fíor 4: Ioncam iomlán de réir charthanais alt 39 agus charthanais alt 40 sa sampla 10

Ioncam de réir Struchtúr Carthanais 11

Tábla 1: Ioncam iomlán de réir struchtúr carthanais sa sampla 11

Méid Carthanas 11

Fíor 5: Méid na gcarthanas sa sampla, bunaithe ar ioncam ó gach foinse 12

Tábla 2: Na 10 bpríomhcharthanas ag a raibh an t-ioncam is airde ó gach foinse sa sampla 13

Carthanais nach bhfuair aon chistiú ón rialtas ná aon chistiú poiblí eile 14

Fíor 6: Ioncam na gcarthanas sa sampla nach bhfuair aon chistiú ón rialtas ná aon chistiú poiblí 14

Ioncam de réir cuspóir carthanúil 13

Fíor 7: Ioncam de réir cuspóir carthanúil sa sampla 15

Caiteachas Carthanais 17

Fíor 8: Caiteachas Iomlán sa sampla 17

Fostaíocht i gCarthanais 18

Fíor 9: Carthanais a bhfuil fostaithe acu – ioncam agus caiteachas ar thuarastail sa sampla 18

Obair Dheonach i gCarthanais 20

Fíor 10: An líon carthanas sa sampla a bhfuil oibrithe deonacha acu 20

Conclúid 21

Aguisíní 22

Réamhrá agus Modheolaíocht

Tá na carthanais ar an gClár poiblí Carthanas (an 'Clár') éagsúil lena chéile ó thaobh méide de. Tá siad éagsúil lena chéile freisin maidir lena bhfoinse ioncaim, maidir lena leibhéal caiteachais, maidir lena struchtúr dlíthiúil, maidir leis an líon fostaithe agus/nó oibrithe deonacha atá acu agus maidir le castacht a gcuid gníomhaíochtaí.

Ceanglaítear ar charthanais, faoi alt 52 den Acht Carthanas 2009 (an 'tAcht'), tuarascáil bhliantúil a chur faoi bhráid an Rialálaí Carthanas (an 'Rialálaí') laistigh de 10 mí ó dheireadh a mbliana airgeadais faoi seach. Áirítear leis an tuarascáil bhliantúil sonraí faoi ioncam agus caiteachas, mar aon le sonraí faoin líon fostaithe agus oibrithe deonacha. Áirítear freisin le gach tuarascáil bhliantúil a comhdaíodh don bhliain 2021 faisnéis bhreise ina miondealaítear na foinsí cistiúcháin arís eile. Mar shampla: ní mór luach aon tiomnachtaí a fuarthas a shonrú anois; má tá fostaithe ag carthanas, ceanglaítear air an meánlíon fostaithe a bhí aige sa tréimhse a shonrú anois, seachas iad a leagan amach ina mbandaí mar a tharla roimhe seo; agus ní mór faisnéis a sholáthar faoi aistrithe idirnáisiúnta cistí, lena n-áirítear ainm na dtíortha a bhfuarthas cistí uathu nó ar seoladh cistí chucu.

Léirítear i dtaighde go bhfuil ceangal láidir ann idir trédhearcacht agus cuntasacht mhéadaithe i measc carthanas agus an iontaoibh atá ag an bpobal as an earnáil. Ós rud é go bhfoilsítear tuarascálacha bliantúla ar an gClár poiblí Carthanas, is modh tábhachtach iad trínar féidir le carthanais chláraithe faisnéis bhunúsach a sholáthar don phobal faoina n-airgeadas agus faoina ngníomhaíochtaí sa bhliain roimhe.

Anailísítear sa tuarascáil seo an fhaisnéis airgeadais agus an fhaisnéis eile a sholáthair carthanais ina dtuarascáil bhliantúil don bhliain 2019 (roimh phaindéim Covid-19) agus i dtuarascálacha bliantúla a comhdaíodh do na blianta 2020 agus 2021. Nuair ab iomchuí, rinneadh comparáid idir na sonraí tuarascála bliantúla agus na torthaí ón suirbhé ar Thionchar an Choróinvíris a rinneadh i mí na Bealtaine 2020 agus ón Suirbhé ar Charthanais a rinneadh in earrach na bliana 2021 chun a chinneadh cé acu atá nó nach bhfuil na sonraí tuarascála bliantúla ag teacht leis na hionchais agus na hábhair imní a chuir carthanais in iúl sna suirbhéanna sin.

Chun a chinntiú go bhfuil na sonraí inchomparáide lena chéile, comhlíontar na critéir seo a leanas sa tacar sonraí a úsáidtear sa tuarascáil:

- Ritheann bliain airgeadais an charthanais ón 1 Eanáir go dtí an 31 Nollaig
- Comhdaíodh tuarascáil bhliantúil do na tréimhsí ón 1 Eanáir 2019 go dtí an 31 Nollaig 2019, ón 1 Eanáir 2020 go dtí an 31 Nollaig 2020 agus ón 1 Eanáir 2021 go dtí an 31 Nollaig 2021 – is é sin le rá, ní mór tuarascáil a bheith comhdaithe ag an gcarthanas do gach ceann de na trí bliana as a chéile sin
- Níl an carthanas díchláraithe
- Níl scoileanna agus iontaobhais charthanúla phríobháideacha ar áireamh anseo toisc nach bhfuil siad ionadaíoch don earnáil.

Nuair a cuireadh na critéir sin i bhfeidhm i leith an Chláir, rinneadh sampla iomlán de 3,170 carthanas a shainaithint agus a asbhaint lena n-anailísiú an 15 Samhain 2022 –

dhá sheachtain tar éis an spriocdháta comhdúcháin tuarascála bliantúla d'fhormhór na gcarthanas. Is ionann an sampla seo agus 41% de na carthanais chláraithe uile nach scoileanna iad agus is é an bunús do na sonraí agus na comparáidí uile sa tuarascáil, mura luaitear a mhalairt.

Nótaí:

1. Ní áirítear leis an tuarascáil seo aon ioncam ná aon sonraí ábhartha eile a bhaineann le Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte ('FSS') (uimhir charthanais chláraithe: 20059064). Níl FSS ar áireamh anseo toisc go bhfuil sé ar an gcarthanas cláraithe is mó go mór fada, agus ioncam os cionn €22 billiún agus breis agus 140,000 fostaí á dtuairisciú aige sa bhliain 2021.
2. Slánaíodh na céatadáin (suas nó síos), a fhágann nach bhfuil an t-iomlán cothrom le 100% i ngach cás.
3. Is féidir go n-áireofar leis na figiúirí ioncaim bhliantúil iomláin agus leis na figiúirí caiteachais bhliantúil iomláin idirbhearta idir carthanais, is iad sin: ioncam agus caiteachas a thuairiscigh líon beag carthanas a bhfuil máthaireagraíochtaí nó fo-eagraíochtaí acu agus/nó carthanais a sholáthraíonn deontais nó cistiú do charthanais eile.
4. Baineann aon tagairtí don Chlár ina iomláine leis an gClár mar a bhí amhail an 31 Nollaig 2022.
5. Tá an anailís seo bunaithe ar fhaisnéis a soláthraíodh don Rialálaí sna tuarascálacha bliantúla a chomhdaigh carthanais chláraithe. Ós rud é nach bhfíoraítear cruinneas na dtuarascálacha sin go rialta, is féidir go mbeidh earráidí agus neamhréireanna ann san fhaisnéis a chuireann carthanais aonair isteach de ghnáth, ar nithe iad a théann i bhfeidhm ar na sonraí ina n-iomláine.

Ioncam Carthanais

Ioncam bliantúil iomlán de réir foinse

Fíor 1: Ioncam de réir foinse sa sampla



Féach aguisín 1 chun faisnéis níos mionsonraithe a fháil.

Bhíothas ag súil leis go mbeadh tionchar airgeadais ag paindéim Covid-19 i ndáil le sruthanna ioncaim a laghdú, go háirithe ioncam ón bpobal i gcoitinne – tabhartais agus foinsí trádála/tráchtála. Bhíothas ag súil leis sin mar gheall ar an scor leathan d'imeachtaí cruinnithe airgid agus de ghníomhaíochtaí i bpearsa agus ar dhúnadh leathan siopaí carthanais le linn na dtréimhsí dianghlasála sa bhliain 2020 agus mar gheall ar na srianta suntasacha a bhí fós i bhfeidhm le linn na bliana 2021.

Cé go raibh méadú foriomlán ann in ioncam, d'fhéadfaí é sin a chur síos do na tacaí breise a chuir an Rialtas ar fáil do charthanais, amhail Ciste Cobhsaíochta Covid-19 agus rochtain ar an Scéim Fóirdheontas Pá Fostaíochta. Ba cheart a thabhairt faoi deara, áfach, nach raibh gach carthanas incháilithe don chistiú sin agus nach bhfuair beagnach aon trian de na carthanais sa sampla aon chistiú ón rialtas ná aon chistiú poiblí idir na blianta 2019 agus 2021. Féach Fíor 6 le haghaidh tuilleadh sonraí. Cé gur tháinig laghdú eile ar ioncam ó ghníomhaíochtaí tráchtála/trádála sa bhliain 2021, is údar misnigh é gur tháinig méadú ar ioncam ó thabhartais sa tréimhse chéanna agus, ag deireadh na bliana 2021, nach raibh an t-ioncam sin ach 2.5% níos ísle ná na leibhéil roimh an bpaindéim.

Nuair a chuirtear na sonraí sin i gcomparáid leis an taighde a rinneadh ar an earnáil neamhbhrabúis don tuarascáil **'Giving Ireland 2022'**, ina bhfuarthas amach gur *"tháinig laghdú 5% ar ioncam iomlán"*, gur *"tháinig laghdú 17% ar ioncam ó chruinniú airgid"*, gur *"tháinig laghdú 25% ar ioncam tuillte"* agus gur *"tháinig méadú 11% ar chistiú poiblí"* le linn na bliana 2020, ba chosúil gurbh fhearr feidhmíocht i measc carthanais chláraithe le linn na paindéime, tríd is tríd, ná an mhórearnáil neamhbhrabúis.

Ioncam Tabhartais

I gcás ina dtugann carthanas le fios ina thuarascáil bhliantúil go bhfuair sé ioncam ó thabhartais, iarrtar air ansin foinse na dtabhartas sin a roghnú ó liosta anuas. Soláthraítear sa tábla seo a leanas na hiomláin do na carthanais sa sampla, agus gach foinse ina dtuarascáil bhliantúil á liostú:

Fíor 2: Cineálacha Ioncaim Tabhartais sa sampla



Féach aguisín 2 chun faisnéis níos mionsonraithe a fháil.

Nótaí maidir le tiomnachtaí: Ina dtuarascáil bhliantúil don bhliain 2021, ceanglaíodh ar charthanais, den chéad uair riamh, a dhearbhú cá mhéad ioncaim a fuair siad ó thiomnachtaí. I mblianta roimhe, iarradh ar charthanais foinsí ioncaim a shonrú ó liosta anuas. Cé go raibh tiomnachtaí ar cheann amháin de roinnt foinsí féideartha sa liosta sin, níor iarradh ar an gcarthanas a rá cá mhéad ioncaim a fuair sé ó thiomnachtaí. Ar mhaithe le léargas níos fearr a ghnóthú ar an méid ioncaim carthanais a ghintear ó thiomnachtaí, ceanglaítear ar charthanais anois an méid ioncaim a fuair siad ó thiomnachtaí a shonrú ina dtuarascáil bhliantúil. Is féidir gurb é sin an chúis leis an laghdú suntasach sa líon carthanas a shainaithin 'Tiomnachtaí' mar fhoinse ioncaim ina dtuarascáil bhliantúil don bhliain 2021. Ba é €69,659,772 an t-ioncam iomlán ó thiomnachtaí a thuairiscigh an 268 gcarthanas sa sampla don bhliain 2021. Ós rud é nach raibh sonraí faoi ioncam ó thiomnachtaí ar fáil do bhlianta roimhe, ní rabhthas in ann a chinneadh, bunaithe ar na sonraí sampla, cé acu a tháinig méadú nó laghdú ar ioncam ó thiomnachtaí le linn na tréimhse trí bliana a chumhdaítear leis an sampla.

Sa **Suirbhé ar Charthanais 2021**, a rinneadh idir an 18 Nollaig 2020 agus an 12 Eanáir 2021, iarradh ar charthanais a bpríomhfhoinsí cistiúcháin i ngnáthamanna agus ó thús phaindéim Covid-19 a shonrú. Is fiú na fionnachtana sin a chur i gcomparáid lena bhfuil i dTáblaí 1 agus 2.

Fíor 3: Foinsí cistiúcháin roimh Phaindéim Covid-19 agus lena linn

Cé go bhfuil na sonraí sna tuarascálacha bliantúla a chomhdaigh na carthanais sa suirbhé ag teacht, tríd is tríd, le fionnachtana an tsuirbhé, tá roinnt eisceachtaí ann. Is iad seo a leanas na heisceachtaí is suntasaí díobh:

- Tráth an tsuirbhé (an 18 Nollaig 2020 go dtí an 12 Eanáir 2021), níor thuairiscigh carthanais ach athrú fíorbheag i ngníomhaíocht tráchtála, á rá nár tháinig ach laghdú 3% ar an ioncam a gnóthaíodh uaithi ón mbliain 2019. Léirítear sna tuarascálacha bliantúla sa sampla, áfach, gur tháinig laghdú os cionn 16% ar ioncam den sórt sin (Aguisín 1) idir na blianta 2019 agus 2020.
- Cé nár tháinig aon athrú ar an luach ar thabhartais earraí nó seirbhísí sa suirbhé, léirítear sna tuarascálacha bliantúla sa sampla gur tháinig laghdú os cionn 9% ar thabhartais earraí agus gur tháinig laghdú os cionn 15% ar thabhartais seirbhísí idir na blianta 2019 agus 2020 i measc na gcarthanas a thuairiscigh iad mar fhoinse ioncaim (Aguisín 2). Théarnaigh an dá fhigiúr go mór faoi dheireadh na bliana 2021, tráth a bhí an luach ar thabhartais seirbhísí níos mó ná an figiúr don bhliain 2019.
- Cé nár thuairiscigh carthanais ach athrú fíorbheag in ioncam ó chrannchuir nó ó tharraingtí sa suirbhé, léirítear sna tuarascálacha bliantúla sa sampla gur tháinig laghdú 32%, beagnach, ar an ioncam a gnóthaíodh uathu ón mbliain 2019. Níor chosúil gur tháinig aon fheabhas ina leith sin sa bhliain 2021, bunaithe ar na tuarascálacha bliantúla a chuir na carthanais chláraithe sa sampla isteach. (Tábla 2)

Rud eile a bhfuil suntas ag baint leis is ea an méadú suntasach in ioncam ó fheachtais agus ó mhargaíocht dhíreach idir na blianta 2019 agus 2020. Gan amhras, is féidir an méadú sin a chur síos do na tréimhsí dianghlasála agus do na srianta suntasacha a bhí i bhfeidhm le linn na bliana 2020 (Aguisín 2). Tá sé sin le feiceáil freisin sa tuarascáil **Giving Ireland 2022** ar an mórearnáil neamhbhrabúis, ina bhfuarthas amach gur tharla sé sa bhliain 2020 gur *“ó Achainíocha Margaíochta Dírí agus ó Fheachtais a tháinig 41% den ioncam ó chruinniú airgid”. Tháinig méadú suntasach ar an ioncam a gnóthaíodh ón bhfoinse sin i gcomparáid leis an bhfigiúr don bhliain 2019”.* Bunaithe ar na tuarascálacha bliantúla a chomhdaigh na carthanais sa sampla leis an Rialálaí, áfach, is fiú a thabhairt faoi deara gur cosúil gur tháinig laghdú ar ioncam ó fheachtais agus ó mhargaíocht dhíreach araon sa bhliain 2021 (Aguisín 2).

Ioncam de réir modh trínar cuireadh an carthanas ar áireamh ar an gClár

Is ann do dhá mhodh trína gcuirtear carthanas ar áireamh ar an gClár:

(a) Rinneadh carthanais a raibh stádas carthanúil cánach (uimhir charthanais) acu ag dáta bunaithe an Rialálaí a mheas a bheith cláraithe faoi alt 40 den Acht.

(b) Déantar carthanais nua agus carthanais a bhí i mbun feidhme ach nach raibh stádas carthanúil cánach acu ag dáta bunaithe an Rialálaí a chlárú faoi alt 39 den Acht.

Ag an 31 Nollaig 2022, bhí 1,887 gcinn de charthanais alt 39 agus 5,926 cinn de charthanais alt 40 ann ar an gClár (gan scoileanna a áireamh).

Fíor 4: Ioncam iomlán de réir charthanais alt 39 agus charthanais alt 40 sa sampla



Ioncam de réir struchtúr carthanais

Tábla 1: Ioncam iomlán de réir struchtúr carthanais sa sampla

Struchtúr carthanais	An bhliain dar críoch an 31/12/2019	An bhliain dar críoch an 31/12/2020	An bhliain dar críoch an 31/12/2021	Athrú céatadánach 2019 go 2021
Carthanais atá comhdhéanta d'oibrithe deonacha amháin	€96,772,756	€123,669,869	€138,621,541	43.2%
Carthanais a bhfuil fostaithe acu	€11,931,825,320	€12,625,247,761	€12,980,536,299	8.8%
IOMLÁN	**€12,028,598,076**	**€12,748,917,630**	**€13,119,157,840**	**9.1%**

Cé nach raibh an méadú foriomlán in ioncam idir na blianta 2019 agus 2021 cothrom ach le beagán os cionn 9%, bhí difríocht níos mó fós ann idir carthanais atá comhdhéanta d'oibrithe deonacha amháin agus carthanais a bhfuil fostaithe acu. Tháinig méadú os cionn 43% ar ioncam i measc carthanais atá comhdhéanta d'oibrithe deonacha amháin, i gcomparáid le méadú a bhí beagán faoi bhun 9% i measc carthanais a bhfuil fostaithe acu sa tréimhse chéanna.

Méid Carthanas

Bunaithe ar an meánfhigiúr thar an tréimhse trí bliana, thuairiscigh beagán os cionn leath na gcarthanas sa sampla go raibh ioncam bliantúil faoi bhun €250,000 acu agus thuairiscigh beagán os cionn 20% díobh go raibh ioncam faoi bhun €25,000 acu. De na carthanais a thuairiscigh ioncam os cionn €250,000, bhí ioncam os cionn €1 mhilliún ag beagán os cionn 21%.

Fíor 5: Méid na gcarthanas sa sampla, bunaithe ar ioncam ó gach foinse

(is léirithe ag barr an cholúin atá an líon carthanas sa sampla a thagann faoi gach banda)



Cé gur tháinig méadú ar ioncam foriomlán thar an tréimhse trí bliana, níor tháinig méadú ar ioncam na gcarthanas uile sa sampla, mar is féidir a fheiceáil sna hathruithe sa líon carthanas a tháinig faoi gach banda idir na blianta 2019 agus 2020. Is é an t-athrú is suntasaí ná an líon carthanas sa sampla a thuairiscigh ioncam faoi bhun €25,000. Tháinig méadú 13%, beagnach, ar an líon carthanas den sórt sin sa bhliain 2020. Léirítear sa líon carthanas a tháinig faoi gach ceann de na bandaí faoi dheireadh na bliana 2021 gur tháinig méadú ar ioncam an athuair i measc cuid mhór carthanas a thit isteach i mbanda níos ísle an bhliain roimhe.

San iomlán, bhí na '10 bpríomhcharthanas' freagrach as níos mó ná 40% den ioncam carthanais ar fad sa sampla de 3,170 carthanas i ngach ceann de na blianta. Is san earnáil oideachais nó san earnáil cúram sláinte a oibríonn gach ceann de na carthanais sin, seachas Concern Worldwide agus Pobal.

Tábla 2: Na 10 bpríomhcharthanas ag a raibh an t-ioncam is airde ó gach foinse sa sampla

Áit	An bhliain dar críoch an 31/12/2019	An bhliain dar críoch an 31/12/2020	An bhliain dar críoch an 31/12/2021
1	20020286 An tÚdarás um Ard-Oideachas	20020286 An tÚdarás um Ard-Oideachas	20020286 An tÚdarás um Ard-Oideachas
2	20029609 Pobal	20029609 Pobal	20029609 Pobal
3	20083236 Bord Oideachais agus Oiliúna Chathair Bhaile Átha Cliath	20083236 Bord Oideachais agus Oiliúna Chathair Bhaile Átha Cliath	20083236 Bord Oideachais agus Oiliúna Chathair Bhaile Átha Cliath
4	20017583 Bord Ospidéal San Séamas	20017583 Bord Ospidéal San Séamas	20017583 Bord Ospidéal San Séamas
5	20015978 Ospidéal Beaumont	20015978 Ospidéal Beaumont	20000349 Ospidéal Ollscoile Mater Misericordiae
6	20000349 Ospidéal Ollscoile Mater Misericordiae	20000349 Ospidéal Ollscoile Mater Misericordiae	20027841 Bon Secours Health System CLG
7	20027841 Bon Secours Health System CLG	20037161 Ospidéal Adelaide agus na Mí, Baile Átha Cliath, ina gcorpraítear Ospidéal Náisiúnta na Leanaí	20037161 Ospidéal Adelaide agus na Mí, Baile Átha Cliath, ina gcorpraítear Ospidéal Náisiúnta na Leanaí
8	20037161 Ospidéal Adelaide agus na Mí, Baile Átha Cliath, ina gcorpraítear Ospidéal Náisiúnta na Leanaí	20027841 Bon Secours Health System CLG	20083274 Bord Oideachais agus Oiliúna Chorcaí
9	20083274 Bord Oideachais agus Oiliúna Chorcaí	20083274 Bord Oideachais agus Oiliúna Chorcaí	20009090 Concern Worldwide
10	20022754 Teagasc - An tÚdarás Forbartha Talmhaíochta agus Bia	20009090 Concern Worldwide	20022754 Teagasc - An tÚdarás Forbartha Talmhaíochta agus Bia

Carthanais nach bhfuair aon chistiú ón rialtas ná aon chistiú poiblí eile

Fíor 6: Ioncam na gcarthanas sa sampla nach bhfuair aon chistiú ón rialtas ná aon chistiú poiblí



Cé gur tháinig laghdú 8.5% ar an líon carthanas sa sampla nach bhfuair aon chistiú ón rialtas ná aon chistiú poiblí thar an tréimhse trí bliana, tháinig laghdú suntasach ar mheánioncam na gcarthanas sin thar an tréimhse chéanna, agus laghdú os cionn 44% ag teacht ar an meánfhigiúr €852k sa bhliain 2019 go meánfhigiúr €473k sa bhliain 2021.

Den 1,053 charthanas nach bhfuair aon chistiú ón rialtas ná aon chistiú poiblí sa bhliain 2019, thuairiscigh 48% ioncam bliantúil faoi bhun €50,000 agus bhí 64% comhdhéanta d'oibrithe deonacha amháin. Bhí na figiúirí sin cothrom le 58% agus le 71% faoi seach sa bhliain 2021.

Ioncam de réir cuspóir carthanúil

Nóta: Ní áirítear leis an bhfíor seo ach sonraí ioncaim do charthanais a bhfuil cuspóir carthanúil aonair acu. Chun tuilleadh faisnéise a fháil faoi chuspóirí carthanúla, féach an treoirdhoiciméad uainn dar teideal 'Cad is carthanas ann?'. (Seasann an uimhir idir lúibíní don líon carthanas a bhfuil cuspóir carthanúil aonair acu sa sampla de 3,170 carthanas a tógadh sa bhliain 2021)

Fíor 7: Ioncam de réir cuspóir carthanúil sa sampla



Féach aguisín 3 chun faisnéis níos mionsonraithe a fháil.

Cé go bhfuil na sonraí san fhíor seo teoranta sa mhéid nach mbaineann siad ach le carthanais a bhfuil cuspóir carthanúil aonair acu, tá suntas ar leith ag baint leis an méadú suntasach in ioncam don líon réasúnta beag carthanas arb é an cuspóir carthanúil atá acu ná 'an timpeallacht nádúrtha a chosaint' nó 'inchothaitheacht chomhshaoil a chur ar aghaidh'. Tá luach airgeadúil an ioncaim sin íseal i dtéarmaí foriomlána, áfach.

Cé go bhfuil sé deacair figiúirí difriúla a chur i gcomparáid lena chéile, is spéisiúil an rud é go bhfuarthas amach sa tuarascáil **Giving Ireland 2022** gur tharla sé, idir na blianta 2019 agus 2020, gur *"tháinig laghdú ar ioncam iomlán i ngach fo-earnáil, ach amháin i gcás Creidimh agus Daonchairdis agus Obair Dheonach, ar fo-earnálacha iad inar tháinig méadú suntasach ar ioncam"*. Fuarthas amach inti freisin gur *"sna hEalaíona agus sa Spórt a bhí na laghduithe is mó san ioncam, agus iad cothrom le 25% agus le 11% faoi seach"*. Táimid ag coinne leis go mbeidh an **caighdeán aicmiúcháin** nua ar ghlac carthanais chláraithe é ina chabhair mhór maidir le léargas níos fearr a thabhairt ar threochtaí agus forbairtí san earnáil i dtuarascálacha amach anseo.

Caiteachas Carthanais

Fíor 8: Caiteachas Iomlán sa sampla



Tháinig méadú bliain ar bhliain ar chaiteachas. Bhí méadú 4.9% ann idir na blianta 2019 agus 2020 agus bhí méadú 3.2% eile ann idir na blianta 2020 agus 2021.

Nuair a chuirtear an t-ioncam iomlán agus an caiteachas iomlán a thuairiscigh na carthanais sa sampla i gcomparáid lena chéile, feictear gur mhó ioncam ná caiteachas i ngach ceann de na blianta. Is é sin le rá go raibh barrachas ann. Tháinig méadú ar an difreálach idir ioncam agus caiteachas ó bheagán os cionn €280 milliún sa bhliain 2019 (nó 2.3% d'ioncam) go €424 mhilliún sa bhliain 2020 (nó 3.3% d'ioncam). Bhí laghdú beag eile go €402 mhilliún ann ansin sa bhliain 2021 (nó 3% d'ioncam). Ciallaíonn sé sin gur tháinig méadú ar an gcomhardú cúlchistí a bhí i seilbh ag an sampla carthanas thar an tréimhse trí bliana. Níl sé soiléir cé acu a tháinig an méadú sin as carthanais a bheith neamhábalta seirbhísí a sholáthar le linn na tréimhse sin, as difríocht uainiúcháin nó as carthanais a bheith stuama agus a bheith ag cur feabhas ar a gcomhardú cúlchistí.

Fostaíocht i gcarthanais

Fíor 9: Carthanais a bhfuil fostaithe acu – ioncam agus caiteachas ar thuarastail sa sampla

An bhliain dar críoch an 31/12/2019



Féach aguisín 4 chun faisnéis níos mionsonraithe a fháil.

An bhliain dar críoch an 31/12/2020



An bhliain dar críoch an 31/12/2021



Nótaí maidir le fíor 9: Sa bhliain 2021, ceanglaíodh ar charthanais, den chéad uair riamh, an meánlíon fostaithe lánaimseartha agus an meánlíon fostaithe páirtaimseartha atá acu a lua sa tuarascáil bhliantúil. Tá an miondealú sin ar áireamh sna sonraí thuas. Is féidir an laghdú in ioncam sa bhanda fostaithe 250-499 agus an méadú sa chéad bhanda eile idir na blianta 2019 agus 2020 a chur síos go príomha do Pobal, a d'athraigh bandaí idir na blianta 2019 agus 2020 (tháinig méadú ar an líon fostaithe go 537 nduine sa bhliain 2020, de réir ráitis airgeadais a comhdaíodh leis an Oifig um Chlárú Cuideachtaí). Bunaithe ar na figiúirí iomlána, agus trí luach 0.5 a shannadh d'fhostaí páirtaimseartha, bhí meántuarastal fostaithe carthanais cothrom le beagán os cionn €48,000 sa bhliain 2021. Ríomh an Phríomh-Oifig Staidrimh an meántuilleamh do ráithe 4 den bhliain 2021 mar a leanas: €863.70 x 52 = €44,912.

Sa suirbhé **'Tionchar an Choróinvíris'** a rinne an Rialálaí i mí na Bealtaine 2020, dúirt 10% de na freagraithe gur bhris siad fostaithe as a bpost cheana féin agus dúirt 18% eile go raibh siad ar tí fostaithe a bhriseadh as a bpost. Ní dúirt ach 3% díobh gur thóg siad baill foirne bhreise isteach nó go mbeadh siad ag tógáil baill foirne bhreise isteach. Tá sé sin le feiceáil sa tuarascáil Giving Ireland 2022 freisin, ina bhfuarthas amach gur tharla sé sa mhórearnáil neamhbhrabúis go raibh '*laghdú ann san fhórsa saothair i ngach fo-earnáil le linn na bliana 2020'*. Ós rud é gur bailíodh sonraí fostaithe ina mbandaí roimh an mbliain 2021, níltear in ann a chinneadh cé acu atá nó nach bhfuil na treochtaí sin le feiceáil sna tuarascálacha bliantúla a chomhdaigh carthanais leis an Rialálaí nó cé acu is féidir an méadú 4.2% i gcaiteachas ar thuarastail idir na blianta 2019 agus 2021 a chur síos do mhéadú sa líon fostaithe nó do mhéadú i leibhéil tuarastail, nó don dá cheann díobh.

Obair dheonach i gcarthanas

Den sampla de 3,170 carthanas, tá 34% comhdhéanta d'oibrithe deonacha amháin (níl aon fhostaithe acu). Thuairiscigh níos mó ná leath na gcarthanas sin (51%) go raibh níos lú ná naonúr oibrithe deonacha acu.

Fíor 10: An líon carthanas sa sampla a bhfuil oibrithe deonacha acu

(is figiúirí táscacha iad na figiúirí seo, toisc gur tharla sé san am atá thart gur chuir roinnt carthanas iontaobhaithe carthanais ar áireamh sa líon oibrithe deonacha a bhí acu)



Sa suirbhé 'Tionchar an Choróinvíris' a rinneadh i mí na Bealtaine 2020, dúirt 60% de na freagraithe nár tháinig aon athrú ar an líon oibrithe deonacha atá ag a gcarthanas agus dúirt 6% díobh gur tháinig méadú ar an líon oibrithe deonacha atá acu. Dúirt 33% de na freagraithe, áfach, gur tháinig laghdú ar an líon oibrithe deonacha atá acu mar thoradh ar an ngéarchéim sláinte.

Is cosúil go bhfuil sé sin le feiceáil sna tuarascálacha bliantúla a chomhdaigh na carthanais sa sampla, áit ar tháinig laghdú ar an líon carthanas a bhfuil oibrithe deonacha acu thar an tréimhse trí bliana i ngach ceann de na bandaí, ach amháin i gcás na gcarthanas sin a bhfuil idir oibrí deonach amháin agus naonúr acu. Ní mór caitheamh go cáiréiseach leis na sonraí sin, áfach, toisc gur chuir roinnt carthanas iontaobhaithe carthanais ar áireamh sa líon oibrithe deonacha a bhí acu sna blianta 2019 agus 2020. Is ón mbliain 2021 i leith amháin atá iontaobhaithe carthanais á n-eisiamh go sonrach ón líon oibrithe deonacha ar an bhfoirm tuarascála bliantúla. Ina theannta sin, is féidir an méadú suntasach sa líon carthanas a thuairiscigh nach raibh aon oibrithe deonacha acu sa bhliain 2021 a chur síos go príomha do na carthanais sin a chuir a n-iontaobhaithe ar áireamh sa líon oibrithe deonacha roimhe sin.

Conclúid

Rinne paindéim Covid-19 difear don saol ar a lán bealaí difriúla le cúpla bliain anuas. Áirítear leo sin an tionchar geilleagrach a bhí aici, an tionchar a bhí aici ar shláinte fhisiciúil agus ar fholláine mheabhrach, agus na hathruithe a tháinig ar an dóigh a n-idirghníomhaímid le chéile. Cé go raibh sí athléimneach ar a lán bealaí, níl aon amhras ann ach gur imríodh tionchar ar an earnáil carthanas, mar is féidir a fheiceáil san fhaisnéis airgeadais a anailísíodh le linn an tuarascáil seo a chur le chéile.

Cé go raibh a lán carthanas sofhreagrach agus réamhghníomhach, agus iad ag forbairt straitéisí agus modhanna nuálacha nua chun a chinntiú go leanfadh siad le hairgead a chruinniú go gníomhach agus go soláthródh siad an leibhéal céanna seirbhísí, nó seirbhísí níos fearr, do thairbhithe, is ag brath ar a n-imthosca féin a bhí an tionchar a imríodh orthu le linn na paindéime agus a bheidh an tionchar a imreofar orthu sa todhchaí araon. Gan amhras, beidh tionchar suntasach ag na heachtraí a thit amach le cúpla bliain anuas ar a inmharthana a bheidh roinnt carthanas san fhadtéarma, agus is dóigh go rachaidh cúpla bliain eile thart sula mbeifear in ann tionchar iomlán na paindéime ar charthanais aonair, agus ar an mórearnáil, a chinneadh.

Aithníonn an Rialálaí an ról tábhachtach is féidir leis an gClár a imirt maidir le hiontaoibh agus muinín an phobail a mhéadú trí fhoinse iontaofa faisnéise a thabhairt faoin earnáil carthanas. Cé go bhfuil raidhse sonraí ar fáil ar an gClár, is féidir cruinneas agus comhsheasmhacht na sonraí sin a fheabhsú. Tá roinnt tionscadal á seoladh ag an Rialálaí faoi láthair, agus chuir sé roinnt tionscadal eile i gcrích le déanaí, chun feabhas a chur ar cháilíocht na sonraí a bhailítear agus ar a úsáidí atá na sonraí sin araon. Trí na feabhsuithe sin, amhail athruithe ar an tuarascáil bhliantúil, an fhoirm nua um shonraí carthanais a fhíorú agus tabhairt isteach an chaighdeáin aicmiúcháin, táthar ag súil leis go gcuirfear feabhas ar chineál na sonraí faoin earnáil a bheidh ar fáil don lucht déanta beartas, do charthanais, do thairbhithe, do mhaoinitheoirí, do shíntiúsóirí agus don mhórphobal thar na blianta atá le teacht.

Aguisíní

Aguisín 1: Ioncam de réir foinse sa sampla

Foinse Ioncaim	An bhliain dar críoch an 31/12/2019	An bhliain dar críoch an 31/12/2020	An bhliain dar críoch an 31/12/2021	Athrú céatadánach 2019 go 2020	Athrú céatadánach 2020 go 2021
Roinn Rialtais/údarás áitiúil	€6,821,996,657	€7,784,739,728	€7,904,408,381	Méadú 14.1%	Méadú 1.5%
Comhlachtaí poiblí eile	€2,114,980,340	€2,229,965,684	€2,395,741,756	Méadú 5.4%	Méadú 7.4%
Gníomhaíochtaí tráchtála/ trádála	€1,365,768,353	€1,137,775,554	€1,130,709,540	Laghdú 16.7%	Laghdú 0.6%
Tabhartais (lena n-áirítear tiomnachtaí)	€850,113,010	€784,974,503	€828,773,232	Laghdú 7.7%	Méadú 5.6%
Eagraíocht dhaonchairdiúil	€50,823,061	€51,827,310	€66,233,139	Méadú 2.0%	Méadú 27.8%
Foinsí eile	€824,916,655	€759,634,851	€793,291,792	Laghdú 7.9%	Méadú 4.4%
IOMLÁN	**€12,028,598,076**	**€12,748,917,630**	**€13,119,157,840**	**Méadú 6.0%**	**Méadú 2.9%**
Meánfhigiúr de réir carthanais	€3,794,510	€4,021,740	€4,138,535		

Aguisín 2: Cineálacha Ioncaim Tabhartais sa sampla

Cineál Tabhartais	An bhliain dar críoch an 31/12/2019	An bhliain dar críoch an 31/12/2020	An bhliain dar críoch an 31/12/2021	Athrú céatadánach 2019 go 2020	Athrú céatadánach 2020 go 2021
Imeachtaí cruinnithe airgid	897	747	713	Laghdú 16.7%	Laghdú 4.6%
Feachtais	220	304	294	Méadú 38.2%	Laghdú 3.3%
Bailiúcháin airgid	779	648	724	Laghdú 16.8%	Méadú 11.7%
Bailiúcháin nach bailiúcháin airgid	155	162	191	Méadú 4.5%	Méadú 17.9%
Táillí ar sheirbhísí	122	108	108	Laghdú 11.5%	Gan athrú
Tiomnachtaí	450	433	268	Laghdú 3.8%	Laghdú 38.1%
Achainíocha margaíochta dírí	111	139	128	Méadú 25.2%	Laghdú 7.9%
Tabhartais earraí	157	142	152	Laghdú 9.6%	Méadú 7.0%
Tabhartais seirbhísí	132	112	133	Laghdú 15.2%	Méadú 18.8%
Síntiúis chorparáideacha	370	402	405	Méadú 8.6%	Méadú 0.7%
Tabhartais ó bhaill foirne/ó oibrithe deonacha/ó bhaill	273	287	355	Méadú 5.1%	Méadú 23.7%
Urraíocht	307	287	272	Laghdú 6.5%	Laghdú 5.2%
Tarraingtí	173	118	118	Laghdú 31.8%	Gan athrú
Tabhartais dhaonchairdiúla	296	339	337	Méadú 14.5%	Laghdú 0.6%
Táillí ballraíochta	162	162	151	Gan athrú	Laghdú 6.8%
Síntiúis	183	164	158	Laghdú 10.4%	Laghdú 3.7%

Aguisín 3: Ioncam de réir cuspóir carthanúil sa sampla

Cuspóir carthanúil	An bhliain dar críoch an 31/12/2019	An bhliain dar críoch an 31/12/2020	An bhliain dar críoch an 31/12/2021	Athrú céatadánach 2019 go 2020	Athrú céatadánach 2020 go 2021
An bhochtaineacht nó cruatan eacnamaíoch a chosc nó a mhaolú (186)	€488,191,580	€577,605,202	€628,758,029	Méadú 18.3%	Méadú 8.9%
Oideachas a chur ar aghaidh (297)	€3,450,811,282	€3,837,692,592	€4,104,553,394	Méadú 11.2%	Méadú 7%
Creideamh a chur ar aghaidh (338)	€397,674,819	€362,155,171	€308,784,669	Laghdú 8.9%	Laghdú 14.7%
Leas an phobail a chur ar aghaidh, lena n-áirítear faoiseamh dóibh siúd atá i ngátar de dheasca a óige atá siad, a shine atá siad, drochshláinte, nó éagumais (301)	€1,081,535,253	€1,262,927,635	€847,616,295	Méadú 16.8%	Laghdú 32.9%
Forbairt pobail a chur ar aghaidh, lena n-áirítear athbheochan tuaithe nó athbheochan uirbeach (91)	€35,387,319	€32,886,652	€35,742,120	Laghdú 7.1%	Méadú 8.7%
Freagracht chathartha nó obair shaorálach a chur chun cinn (41)	€9,149,416	€9,124,158	€10,086,251	Laghdú 0.3%	Méadú 10.5%
An tsláinte a chur chun cinn, lena n-áirítear breoiteacht, galair nó fulaingt daoine a chosc nó faoiseamh a thabhairt ar an gcéanna (160)	€1,431,282,227	€1,502,599,884	€1,626,657,057	Méadú 5%	Méadú 8.3%
Réiteach coinbhleachtaí nó an t-athmhuintearas a chur ar aghaidh (7)	€2,149,158	€1,849,820	€2,196,058	Laghdú 13.9%	Méadú 18.7%
Síth idir creidimh agus ciní mar aon le caidreamh sítheach pobail a chur chun cinn (1)	€200,000	€186,637	€203,263	Laghdú 6.7%	Méadú 8.9%
An timpeallacht nádúrtha a chosaint (7)	€592,750	€686,947	€1,028,137	Méadú 15.9%	Méadú 49.7%
Inchothaitheacht chomhshaoil a chur ar aghaidh (5)	€1,215,695	€1,388,776	€1,959,543	Méadú 14.2%	Méadú 41.1%
Úsáid éifeachtúil éifeachtach maoine eagraíochtaí carthanúla a chur ar aghaidh (8)	€2,594,717	€2,630,361	€3,286,422	Méadú 1.4%	Méadú 24.9%
Fulaingt ainmhithe a chosc nó faoiseamh a thabhairt ar an gcéanna (57)	€28,702,667	€30,137,804	€32,768,782	Méadú 5%	Méadú 8.7%
Na healaíona, an cultúr, an oidhreacht nó na heolaíochtaí a chur ar aghaidh (125)	€178,592,351	€183,042,880	€214,181,591	Méadú 2.5%	Méadú 17%
Iad siúd atá faoi mhíbhuntáiste a imeascadh, agus iad a spreagadh chun rannpháirtíocht iomlán a dhéanamh sa tsochaí (114)	€163,728,815	€163,744,276	€179,600,167	Méadú <0.1%	Méadú 9.7%

Aguisín 4: Carthanais a bhfuil fostaithe acu – ioncam agus caiteachas ar thuarastail sa sampla

	An bhliain dar críoch an 31/12/2019			An bhliain dar críoch an 31/12/2020			An bhliain dar críoch an 31/12/2021 (tá an meánlíon fostaithe idir lúibíní)		
An líon fostaithe	**An líon carthanas**	**Ioncam Iomlán**	**Caiteachas ar thuarastail**	**An líon carthanas**	**Ioncam Iomlán**	**Caiteachas ar thuarastail**	**An líon carthanas**	**Ioncam Iomlán**	**Caiteachas ar thuarastail**
Duine ar bith	1082	€96,772,756	-	1077	€123,669,869	-	1080	€134,743,207	-
1-9	1148	€588,644,132	€147,293,111	1140	€449,408,085	€142,773,157	1094 (L/A: 2372; P/A: 2151)	€506,525,363	€145,413,553
10-19	339	€352,776,338	€137,416,774	357	€349,886,284	€136,890,376	361 (L/A: 2682; P/A: 2234)	€392,258,268	€142,628,423
20-49	311	€658,576,993	€297,091,607	299	€651,996,558	€276,690,952	313 (L/A: 5396; P/A: 4300)	€620,560,406	€291,875,200
50-249	212	€2,951,699,509	€623,273,492	217	€3,218,722,282	€602,489,486	235 (L/A: 11314; P/A: 10344)	€3,518,715,912	€651,717,822
250-499	33	€1,486,371,238	€475,212,900	32	€725,112,212	€461,222,033	35 (L/A: 6606; P/A: 5136)	€962,283,013	€465,427,229
500-999	17	€865,980,516	€582,455,794	16	€1,510,084,861	€552,219,894	18 (L/A: 7290; P/A: 3906)	€1,543,434,219	€547,072,122
1000-4999	26	€4,407,670,458	€2,509,655,005	31	€5,199,443,479	€2,930,125,371	33 (L/A: 44753; P/A: 23258)	€4,826,757,680	€2,799,201,403
5000+	2	€620,106,136	€394,324,243	1	€520,594,000	€328,515,000	1 (L/A: 4900; P/A: 800)	€544,220,000	€342,778,000
IOMLÁN	**3170**	**€12,028,598,076**	**€5,166,722,926**	**3170**	**€12,748,917,630**	**€5,430,926,269**	**3170 (L/A: 85313; P/A: 52129)**	**€13,049,498,068**	**€5,386,113,752**

An Rialálaí Carthanas
Charities Regulator

Uimhir Thagartha an Doiciméid: TUARASCÁIL Carthanais Chláraithe na hÉireann 2019 – 2021: Anailís ar na tuarascálacha bliantúla a chuir carthanais chláraithe faoi bhráid an Rialálaí Carthanas thar thrí bliana as a chéile - Rev 000

An Rialálaí Carthanas
3 Duga Sheoirse
LSAI Baile Átha Cliath 1
D01 X5X0

Teileafón: 01 633 1500

www.charitiesregulator.ie

© An Rialálaí Carthanas 2023